



20.9.2023

TUAIRIM

ón gCoiste um Fhorbairt

chuig an gCoiste um Iascach

ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach Comhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Mhadagascar agus an Phrótacail Cur Chun Feidhme a ghabhann leis (2023-2027)
(09525/2023 – C9-0223/2023 – 2023/0117(NLE))

Rapóirtéir don tuairim: Caroline Roose

PA_Leg_Consent

RÉASÚNÚ GEARR

Chuaigh an Coimisiún Eorpach i mbun caibidlíochta le húdaráis Mhadagascar chun Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe (CCII) nua a thabhairt i gcrích, lena n-áirítear Prótacal Cur Chun Feidhme nua, a síníodh an 28 Deireadh Fómhair 2022. Le CCII nua, aisghairtear agus ionadaítear an comhaontú ó 2007 agus cuimsítear tréimhse 4 bliana ón dáta cur i bhfeidhm sealadach.

Le CCII nua agus an Prótacal Cur Chun Feidhme a ghabhann leis, bunaítear creat nuashonraithe lena gceadaítear do 65 shoitheach de chuid an Aontais rochtain a fháil ar uiscí Mhadagascar agus iascaireacht a dhéanamh ar thuinníní agus speicis ghaolmhara.

Mar chúiteamh ar chearta iascaireachta, tugann an tAontas ranníocaíocht EUR 1 800 000 do Mhadagascar in aghaidh na bliana, atá roinnte i méideanna bliantúla EUR 700 000 i gcomhair rochtain ar limistéar iascaireachta Mhadagascar agus EUR 1 100 000 i gcomhair tacaíocht earnála a bhfuil sé mar aidhm léi tacú le beartas iascaigh Mhadagascar. D'aontaigh an tAontas agus Madagascar freisin ar thacar rialacha chun iascaireacht inbhuanaithe a chur chun cinn, lena n-áirítear trí rialú iascach a fheabhsú, trí chomhar eolaíochta nó trí iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialaithe (NNN) a chomhrac. Tá an Prótacal nuálach toisc go dtugann sé isteach ranníocaíocht shonrach ar mhaithe leis an mbainistiú comhshaoil agus le héiceachórais a chosaint a bheidh le híoc ag úinéirí shoithigh de chuid an Aontais.

Tá saibhreas speiceas éisc in uiscí Mhadagascar, ach bíonn siad á mbagairt ag cleachtas iascaireachta dhiana agus ró-dhúshaothraithe, arna ndéanamh ag soithigh thionsclaíochta eachtracha, go háirithe trálairí faoi úinéireacht eachtrach a dhíríonn ar shéaclaí. Déanann an t-athrú aeráide agus an ró-iascaireacht dochair d'éiceachórais mhuirí, rud a laghdaíonn tomhaltas áitiúil go mór mar gheall ar mhéadú láithreach ar phraghsanna. Leis na fachtóirí seo, ní bhíonn iasc inacmhainne ag pobail chósta agus cuirtear iallach ar dhaoine dul amach ón gcósta chun iascaireacht a dhéanamh, rud a dhéanann difear dá réir sin dá slite beatha agus dá slándáil bia. I gcomparáid le geilleagair iascaigh eile san Afraic, bíonn an tomhaltas éisc i Madagascar íseal (4.26 kg in aghaidh na bliana in aghaidh an duine in 2019 i gcomparáid le 16 kg i bPoblacht na Séiséal agus 20 kg in Oileán Mhuirís). Lena linn sin, tá 33 % den daonra tearc-chothaithe agus tá daoine i roinnt réigiún buailte ag an ocras.

Tá roinnt speicis tuinníní trópaiceacha faoi réir na ró-iascaireachta san Aigéin Indiach, go háirithe an tuinnín buí. In 2022, mhol Coiste Eolaíochta an Choimisiúin um Thuinníní an Aigéin Indiaigh (IOTC) laghdú 30 % ar a laghad ar ghabhálacha ionas go mbeidh téarnamh in ann teacht ar líon na dtuinníní buí. Is ann don staid sin mar gheall ar ró-acmhainneacht in iascaigh thionsclaíochta tuinníní sa réigiún, mar gheall ar chuótaí a socraíodh ar leibhéal neamh-inbhuanaithe agus mar gheall ar úsáid líon mór Feistí Comhthiomsaithe Éisc (FADanna) freisin, a dhéanann dochar d'éiceachórais. In 2023, ghlac IOTC roinnt beart chun úsáid FADanna a laghdú ach rinne an tAontas Eorpach agus roinnt páirtithe conarthacha eile agóid ina gcoinne, a d'fhág neamhéifeachtach iad dá bhrí sin.

In 2018, b'ionann iascaireacht i Madagascar agus nach mór 7 % den olltáirgeacht intíre náisiúnta. In 2022, meastar go mbraitheann nach mór 2.5 milliún slite beatha ar iascaigh. Bíonn an chuid is mó de na gníomhaíochtaí iascaireachta á ndéanamh ag iascaigh ar

mionscála sna limistéir chósta. Tá ról ríthábhachtach ag mná, go háirithe san iascaireacht leorchothaitheach agus ar fud an tslabhra luacha. Ach fós féin, faigheann siad pá éagothrom agus bíonn ualach na ró-iascaireachta orthu.

Tá sé mar aidhm leis an tacaíocht earnála cuidiú le Madagascar a straitéis iascaigh náisiúnta a fhorbairt, go háirithe trí fhaireachán, rialú agus faireachas a mhaoiniú, agus tacú le hiascairí ar mionscála agus cúrsaí oiliúna ag an am céanna. Níl aon chuspóir shonrach ann a bhaineann le slándáil bia.

Tá an Rapóirtéir den tuairim go bhféadfadh an Prótocal an staid i Madagascar a fheabhsú a mhéid a bhaineann le bainistiú iascaigh, trédhearcacht agus iascaireacht NNN.

Méadaíodh an ranníocaíocht i gcomparáid leis an gcomhaontú roimhe, tar éis éilimh Mhadagascar. Mar sin féin, d'fhéadfadh sí a bheith níos airde agus níos cothroime, go háirithe a mhéid a bhaineann leis na táillí atá á íoc ag oibrítheoirí an Aontais, agus luach margaidh speiceas tuinníní á gcur san áireamh. Sa Phrótocal, tá ceanglais maidir le maraithe ar náisiúnaigh Mhadagascar iad a fhostú freisin, chomh maith le clásal sóisialta atreisithe. Tá roinnt idirghníomhaíochtaí eacnamaíocha ann idir cabhlaigh an Aontais agus an earnáil phróiseála áitiúil, go háirithe maidir le soláthar mhonarcha cannadóireachta Antsiranana.

Feabhas mór is ea go raibh cead ag roinnt eagraíochtaí na sochaí sibhialta freastal ar sheisiúin chaibidlíochta CCII. Ba cheart go leanfaí ar aghaidh leis na dea-chleachtais sin, agus an comhaontú á chur chun feidhme (e.g. trí dhul i gcomhairle le pobail chósta agus liostaí cuimsitheacha de na tionscadail arna maoiniú le tacaíocht earnála a fhoilsiú).

Tá sé riachtanach freisin go mbaineann an earnáil iascaireachta ar mionscála i Madagascar tairbhe dhíreach as CCII. Níl aon iomaíocht dhíreach ann idir iascairí ar mionscála agus soithigh tuinníní an Aontais toisc nach n-oibríonn siad sa limistéar céanna agus nach bhfuil cead ag soithigh tuinníní an Aontais iascaireacht a dhéanamh sna limistéir chósta. Mar sin féin, bíonn iarmhairtí tromchúiseacha ag róshaothrú speiceas tuinníní ar éiceachórais mhuirí agus ar na pobail atá ag brath orthu. Ní mór don dá Pháirtí dul i ngleic leis.

Ar deireadh, cuireann an Rapóirtéir i bhfáth go bhfuil gá le níos mó sineirgí idir cabhair um fhorbairt ón Aontas agus CCII, chun dul i ngleic le neamhshlándáil bia.

Iarrann an Coiste um Fhorbairt ar an gCoiste um Iascach, mar an coiste atá freagrach, a mholadh go dtabharfaí formheas don togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar cheann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach Comhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Mhadagascar agus an Phrótocail Cur Chun Feidhme a ghabhann leis (2023-2027).

NÓS IMEACHTA – AN COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Teideal	Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Mhadagascar agus an Prótacal Cur Chun Feidhme a ghabhann leis (2023-2027)
Tagairtí	09525/2023 – C9-0223/2023 – 2023/0117(NLE)
An Coiste Freagrach	PECH
Tuairim ó Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	DEVE 10.7.2023
Rapóirtéir don tuairim Dáta an cheapacháin	Caroline Roose 30.8.2023
Dáta an ghlactha	20.9.2023
Toradh na vótála chríochnaithí	+ : 17 - : 0 0 : 2
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Hildegard Bentele, Stéphane Bijoux, Dominique Bilde, Christophe Clergeau, Ryszard Czarnecki, Mónica Silvana González, György Hölvényi, Rasa Juknevičienė, Karsten Lucke, Erik Marquardt, Janina Ochojska, Michèle Rivasi, Miguel Urbán Crespo, Bernhard Zimniok
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Frances Fitzgerald, Marlene Mortler, Patrizia Toia, Carlos Zorrinho
Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Róza Thun und Hohenstein

**VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH
TUAIRIM AIR**

17	+
ECR	Ryszard Czarnecki
ID	Bernhard Zimniok
PPE	Hildegard Bentele, Frances Fitzgerald, György Hölvényi, Rasa Juknevičienė, Marlene Mortler, Janina Ochojska
Renew	Stéphane Bijoux, Róza Thun und Hohenstein
S&D	Christophe Clergeau, Mónica Silvana González, Karsten Lucke, Patrizia Toia, Carlos Zorrinho
Verts/ALE	Erik Marquardt, Michèle Rivasi
0	-
2	0
ID	Dominique Bilde
The Left	Miguel Urbán Crespo

Eochair do na siombailí a úsáidtear:

+ : i bhfabhar

- : i gcoinne

0 : staonadh